

15.4.2020

B9-0143/2020 }
B9-0144/2020 }
B9-0146/2020 }
B9-0147/2020 } RC1/Am. 2

Leasú 2

Iratxe García Pérez

thar ceann Ghrúpa S&D

Comhthairiscint i gcomhair rúin

PPE, S&D, Renew, Verts/ALE

maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin

Mír 2

Comhthairiscint i gcomhair rúin

2. ag cur in iúl gur cúis iontais agus mheasa di na daoine sin go léir atá ina seasamh ar an túslíne agus iad ag comhrac in aghaidh na paindéime agus a d'oibrigh gan stad gan staonadh amhail na dochtúirí agus na haltraí, ach ag cur in iúl freisin go bhfuil sí fíorbhuíoch de na laochra anaithnide a chomhlíonann dualgais bhunriachtanacha, amhail iad siúd atá ag obair i réimsí miondíola agus seachadta bia, oideachais, talmhaíochta, iompair, baill de sheirbhísí éigeandála, an tsochaí shibhialta, oibríthe deonacha, lucht glantacháin agus bailiúcháin dramhaíola chun saol agus seirbhísí poiblí a choinneáil agus rochtain ar earraí bunriachtanacha a ráthú; á mheas go bhfuil sé de dhualgas ar an Aontas agus ar a Bhallstáit an tacaíocht is mó agus is féidir a sholáthar do na hoibríthe bunriachtanacha sin agus na hÍobairtí laethúla a dhéanann siad a aithint; ag tathant ar na Ballstáit coinníollacha oibre slána a áirithiú do na hoibríthe ar fad ag túslíne na heipidéime seo, go háirithe na baill foirne leighis túslíne, trí bhearta náisiúnta iomchuí agus comhordaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear soláthar leordhóthanach de threalamh cosanta pearsanta (TCP); á iarraidh ar an

AM\1203075GA.docx

Leasú

2. ag cur in iúl gur cúis iontais agus mheasa di na daoine sin go léir atá ina seasamh ar an túslíne agus iad ag comhrac in aghaidh na paindéime agus a d'oibrigh gan stad gan staonadh amhail na dochtúirí agus na haltraí, ach ag cur in iúl freisin go bhfuil sí fíorbhuíoch de na laochra anaithnide a chomhlíonann dualgais bhunriachtanacha, amhail iad siúd atá ag obair i réimsí miondíola agus seachadta bia, oideachais, talmhaíochta, iompair, baill de sheirbhísí éigeandála, an tsochaí shibhialta, oibríthe deonacha, lucht glantacháin agus bailiúcháin dramhaíola chun saol agus seirbhísí poiblí a choinneáil agus rochtain ar earraí bunriachtanacha a ráthú; **Á chur i bhfios go láidir gur mná iad 70% den fhórsa saothair sláinte agus sóisialta domhanda, go minic nach n-íoctar ach an t-íosphá agus i ndálaí oibre neamhbhuana, agus á iarraidh go mbeidh cothromú pá agus dálaí oibre in earnálacha a bhfuil smacht láidir ag mná orthu amhail cúram, sláinte agus díolacháin miondíola, chomh maith le díothú na bearna pá inscne agus na bearna pinsin agus deighilt an mhargaidh saothair;** á mheas go bhfuil sé de dhualgas ar an Aontas agus ar a Bhallstáit an tacaíocht is mó agus is féidir a sholáthar do na hoibríthe bunriachtanacha

PE647.590v01-00 }
PE647.591v01-00 }
PE647.593v01-00 }
PE647.594v01-00 } RC1

gCoimisiún cur chun feidhme na mbeart
sin a mhaoirsiú;

sin agus na híobairtí laethúla a dhéanann
siad a aithint; ag tathant ar na Ballstáit
coinníollacha oibre slána a áirithiú do na
hoibrithe ar fad ag túslíne na heipidéime
seo, go háirithe na baill foirne leighis
túslíne, trí bhearta náisiúnta iomchuí agus
comhordaithe a chur chun feidhme, lena n-
áirítear soláthar leordhóthanach de
threalamh cosanta pearsanta (TCP); á
iarraidh ar an gCoimisiún cur chun
feidhme na mbeart sin a mhaoirsiú;

Or. en

15.4.2020

B9-0143/2020 }
B9-0144/2020 }
B9-0146/2020 }
B9-0147/2020 } RC1/Am. 3

Leasú 3
Iratxe García Pérez
thar ceann Ghrúpa S&D

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE

maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 17 a (nua)

Comhthairiscint i gcomhair rúin

Leasú

17a. á chreidiúint go bhfuil gá an Seimeastar Eorpach agus an Straitéis Bhliantúil nua maidir le Fás Inbhuanaithe a athstruchtúrú agus a nuashonrú chun feidhmiú mar threoir do straitéis téarnaimh eacnamaíoch agus shóisialta Eorpach agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chomhtháthú go hiomlán, go háirithe, spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus éiceolaíocha a chur ar comhchéim lena chéile agus go mbeidís ina n-uirlis rialachais chun Aontas Eorpach atá fíor-inbhuanaithe, fíorchothrom agus fíor-athléimneach a ghnóthú;

Or. en

AM\1203075GA.docx

PE647.590v01-00 }
PE647.591v01-00 }
PE647.593v01-00 }
PE647.594v01-00 } RC1

15.4.2020

B9-0143/2020 }
B9-0144/2020 }
B9-0146/2020 }
B9-0147/2020 } RC1/Am. 4

Leasú 4

Iratxe García Pérez

thar ceann Ghrúpa S&D

Comhthairiscint i gcomhair rúin

PPE, S&D, Renew, Verts/ALE

maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin

Mír 29

Comhthairiscint i gcomhair rúin

29. á áitiú go n-áiritheoidh institiúidí AE agus na Ballstáit go gcuirfear tacaíocht airgeadais phoiblí ar fáil do ghnólachtaí chun éifeachtaí eacnamaíocha COVID-19 a chomhrac ar choinníoll go n-úsáidfear an maoiniú chun leas fostaithe agus go staonfaidh gnólachtaí faighteora ó dhíbhinní a íoc nó scéimeanna aisceannaigh scaireanna a thairiscint fad is a fhaigheann siad tacaíocht den sórt sin;

Leasú

29. á áitiú go n-áiritheoidh institiúidí AE agus na Ballstáit go gcuirfear tacaíocht airgeadais phoiblí ar fáil do ghnólachtaí chun éifeachtaí eacnamaíocha COVID-19 a chomhrac ar choinníoll go n-úsáidfear an maoiniú chun leasa fostaithe agus go staonfaidh gnólachtaí faighteora, ó ***bhónais a thabhairt don bhainistíocht, ó imghabháil cánach***, ó dhíbhinní a íoc nó scéimeanna aisceannaigh scaireanna a thairiscint fad is a fhaigheann siad tacaíocht den sórt sin;

Or. en

<PathFdR>AM\1203075GA.docx</PathFdR>

PE<NoPE>647.590</NoPE><<Version>v01-00</Version> }

PE<NoPE>647.591</NoPE><<Version>v01-00</Version> }

PE<NoPE>647.593</NoPE><<Version>v01-00</Version> }

PE<NoPE>647.594</NoPE><<Version>v01-00</Version> } RC1

15.4.2020

B9-0143/2020 }
B9-0144/2020 }
B9-0146/2020 }
B9-0147/2020 } RC1/Am. 5

Leasú 5

Iratxe García Pérez

thar ceann Ghrúpa S&D

Comhthairiscint i gcomhair rúin

PPE, S&D, Renew, Verts/ALE

maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin

Mír 30

Comhthairiscint i gcomhair rúin

30. á iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit tosaíocht a thabairt do bhearta maidir le cabhair agus maolú géarchéime do na saoránaigh is leochailí, mná agus leanaí atá neamhchosanta ar fhoréigean teaghlaigh, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha agus daoine as réigiúin iargúlta nó atá scartha amach, lena n-áirítear tíortha agus críocha thar lear agus na réigiúin is forimeallaí, trí chiste tacaíochta eisceachtúil tiomnaithe dírithe ar chóras cúraim sláinte agus earnálacha atá buailte leis an ráig de COVID-19, agus na daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiamh shóisialta, atá ar fad sa bhaol is mó d'ionfhabhtú COVID-19 ach i mbaol fulaingt níos mó óna éifeachtaí eacnamaíocha chomh maith; á iarraidh go mbeadh straitéis chuimsitheach i gcoinne na bochtaineachta ann, le Rátháíocht Eorpach i dtaobh Leanaí; ag tathant ar AE agus na Ballstáit anailís inscne maidir leis na hiarrachtaí freagartha a ionchorprú ionas go seachnófar cur le neamhionannas inscne, chun a áirithiú go gcoinneofar seirbhísí d'íospartaigh foréigin ar oscailt, agus chun seirbhísí líne cabhraí, tacaíocht dhlíthiúil ar

AM\1203075GA.docx

Leasú

30. á iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit tosaíocht a thabairt do bhearta maidir le cabhair agus maolú géarchéime do na saoránaigh is leochailí, mná agus leanaí atá neamhchosanta ar fhoréigean teaghlaigh, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha agus daoine as réigiúin iargúlta nó atá scartha amach, lena n-áirítear tíortha agus críocha thar lear agus na réigiúin is forimeallaí, trí chiste tacaíochta eisceachtúil tiomnaithe dírithe ar chóras cúraim sláinte agus earnálacha atá buailte leis an ráig de COVID-19, agus na daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiamh shóisialta, agus arb iad is mó is baol d'ionfhabhtú COVID-19 ach atá ag fulaingt níos mó óna éifeachtaí eacnamaíocha chomh maith; **á iarraidh go mbeidh bearta ann chun tionóntaí a chosaint ó dhíshealbhú le linn na géarchéime agus go mbeidh tearmainn ann do dhaoine a bhfuil gá acu le foscadh**; á iarraidh go mbeadh straitéis chuimsitheach i gcoinne na bochtaineachta ann, le Rátháíocht Eorpach i dtaobh Leanaí; ag tathant ar AE agus na Ballstáit anailís inscne maidir leis na hiarrachtaí freagartha a ionchorprú ionas go seachnófar cur le

PE647.590v01-00 }
PE647.591v01-00 }
PE647.593v01-00 }
PE647.594v01-00 } RC1

líne agus seirbhísí tuairiscithe a atreisiú
chun foréigean teaghlaigh agus
inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac
agus mná agus leanaí uile a chosaint uaidh;

neamhionannas inscne, chun a áirithiú go
gcoinneofar seirbhísí d'íospartaigh foréigin
ar oscailt, agus chun seirbhísí líne cabhraí,
tacaíocht dhlíthiúil ar líne agus seirbhísí
tuairiscithe a atreisiú chun foréigean
teaghlaigh agus inscnebhunaithe a chosc
agus a chomhrac agus mná agus leanaí uile
a chosaint uaidh;

Or. en

15.4.2020

B9-0143/2020 }
B9-0144/2020 }
B9-0146/2020 }
B9-0147/2020 } RC1/Am. 6

Leasú 6

Iratxe García Pérez

thar ceann Ghrúpa S&D

Comhthairiscint i gcomhair rúin

PPE, S&D, Renew, Verts/ALE

maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin

Mír 31

Comhthairiscint i gcomhair rúin

31. á chreidiúint go gcaithfidh Ballstáit bearta a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil oibrithe san Eoraip, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe, cosanta ó chaillteanas ioncaim agus go bhfuil an tacaíocht riachtanach agus leachtacht airgid ag gnólachtaí, go háirithe FBManna, agus na hearnálacha is mó atá ag fulaingt; á chur in iúl gur geal léi, i dtaca leis seo, an togra nua ón gCoimisiún maidir le tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) agus á iarraidh go gcuirfear chun feidhme é go pras; ag spreagadh na mBallstát chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar an reachtaíocht shóisialta agus fhioscach chun impleachtaí sna córais slándála sóisialta agus fioscacha d'oibrithe trasteorann a sheachaint mar thoradh ar bhearta éigeandála;

Leasú

31. á chreidiúint go gcaithfidh Ballstáit bearta a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil oibrithe san Eoraip, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe, cosanta ó chaillteanas ioncaim agus go bhfuil an tacaíocht riachtanach agus leachtacht airgid ag gnólachtaí, go háirithe FBManna, agus na hearnálacha is mó atá ag fulaingt; á chur in iúl gur geal léi, i dtaca leis seo, an togra nua ón gCoimisiún maidir le tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) agus á iarraidh go gcuirfear chun feidhme é go pras **agus Buanscéim Eorpach Athárachais Dífhostaíochta a sheoladh**; ag spreagadh na mBallstát chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar an reachtaíocht shóisialta agus fhioscach chun impleachtaí sna córais slándála sóisialta agus fioscacha d'oibrithe trasteorann **agus d'imircigh oibre** a sheachaint mar thoradh ar bhearta éigeandála;

Or. en

AM\1203075GA.docx

PE647.590v01-00 }
PE647.591v01-00 }
PE647.593v01-00 }
PE647.594v01-00 } RC1

15.4.2020

B9-0143/2020 }
B9-0144/2020 }
B9-0146/2020 }
B9-0147/2020 } RC1/Am. 7

Leasú 7
Iratxe García Pérez
thar ceann Ghrúpa S&D

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE

maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 34 a (nua)

Comhthairiscint i gcomhair rúin

Leasú

34a. á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, do na hearnálacha cultúir agus cruthaitheacha toisc go bhfuil siad buailte go dona ag an ngéarchéim reatha agus go bhfuil ról tábhachtach acu sa gheilleagar agus sa saol sóisialta chomh maith; á thabhairt chun suntais gur thaispeáin an ghéarchéim reatha nach bhfuil ár gcórais oideachais chomh hathléimneach agus ba cheart dóibh a bheith, agus á mheas, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí go gcuirfí na scileanna riachtanacha agus an trealamh riachtanach ar fáil d'oideoirí agus do dhaltaí le haghaidh cásanna scolaíochta baile; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an tionscnamh ón gCoimisiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta; á mheas, áfach, nach leor é, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit plean infheistíochta comhordaithe a chur le chéile chun ár gcórais oideachais a fheabhsú;

Or. en

AM\1203075GA.docx

PE647.590v01-00 }
PE647.591v01-00 }
PE647.593v01-00 }
PE647.594v01-00 } RC1

15.4.2020

B9-0143/2020 }
B9-0144/2020 }
B9-0146/2020 }
B9-0147/2020 } RC1/Am. 8

Leasú 8
Iratxe García Pérez
thar ceann Ghrúpa S&D

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE

maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 49 a (nua)

Comhthairiscint i gcomhair rúin

Leasú

***49a. á chur in iúl gur geal léi pacáiste
AE don fhreagairt dhomhanda ar
COVID-19 agus an EUR 20 billiún a
leithdháileadh ar an gcomhrac i gcoinne
na paindéime i dtríú tíortha
comhpháirtíochta;***

Or. en

AM\1203075GA.docx

PE647.590v01-00 }
PE647.591v01-00 }
PE647.593v01-00 }
PE647.594v01-00 } RC1

15.4.2020

B9-0143/2020 }
B9-0144/2020 }
B9-0146/2020 }
B9-0147/2020 } RC1/Am. 9

Leasú 9
Iratxe García Pérez
thar ceann Ghrúpa S&D

Comhthairiscint i gcomhair rúin

PPE, S&D, Renew, Verts/ALE

maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin

Mír 49 b (nua)

Comhthairiscint i gcomhair rúin

Leasú

49b. á chur i bhfáth go bhfuil cinneadh Bhord CAI faoiseamh láithreach ó sheirbhís fiachais a sholáthar do 25 de na balltíortha is boichte agus is leochailí ina chéad sampla dearfach soiléir de dhlúthpháirtíocht nithiúil agus thapa, agus á iarraidh go ndéanfadh deontóirí idirnáisiúnta bearta den chineál céanna;

Or. en

AM\1203075GA.docx

PE647.590v01-00 }
PE647.591v01-00 }
PE647.593v01-00 }
PE647.594v01-00 } RC1